

Nollaig 2023

# Bronntanas ó Chroí Dé

Dúirt cara de mo chuid liom le déanaí gur mór aici an véarsa scríoptúir; ‘De chionn trócaire chroí ár nDé tiocfaidh an láchaint ó neamh orainn’. Mhínigh sí domh go bhfuil sí ag fulaingt cuid mhór i láthair na huairé agus is é a dúirt sí; ‘Tá géarghá agam le dóchas agus chinn mé ar chreidbheáil go dtiocfaidh trócaire chugam mar bhronntans Nollag ó chroí ár nDé.

Tá gá againne uilig le dóchas. Agus tú á léamh seo, b’fhéidir go bhfuil tú uaigneach, brónach nó brúite síos ar chúiseanna éagsúla pearsanta. Tá gá le dóchas ag an domhan ar fad. Éist leis an nuacht ón Úcráin, ón Talamh Naofa agus áiteacha eile; anseo sa bhaile smaoinigh go bhfíil ár mbailte beaga ar maos le drugaí, go bhfuil neamhaird ar naofacht na beatha inár dtír. Tá ceist Mica ina crá croí ag a lán daoine i gcónaí.

Tá an domhan ‘weary’ agus gá aici le Slánaitheoir, le Prionsa na Síochána. Cuimhnigh ar an charúl i mBearla:

**The thrill of hope, the weary world rejoices,  
For yonder breaks a new and glorious morn.**

Ní hionann dóchas na gCríostaithe agus ‘optimism’ an Bhéarla; ní heagal leis an dóchas amharc ar ár dtrioblóidí díreach sa tsúil. Is scéal é scéal na Nollag faoi Dhia atá uilechumhachtach agus uileghrámhar ach a théann amach ar thóir na dtrioblóidí. Rinne sé na boicht agus na daoine beaga ísle a chuardach, agus rugadh é mar dhuine acu, de thairbhe go raibh grá aige daofa; de thairbhe go bhfuil grá aige dúinne.



‘D’imigh na hAoirí faoi dheifear agus fuair siad Muire agus Iósaef agus an leanbh ina luí sa mhainséar.’ Tugaim cuireadh duit spás a chruthú le machnamh arís ar scéal neamhghnách Mhuire agus Iósaef agus an linbh. Bhí na hAoirí – daoine suaracha nach raibh meas madaidh ag an saol mór orthu – faoi threoir ag solas ó neamh. Thainig siad ar an láthair agus chonaic siad grá Dé fillte i ngioblacha. An leanbh Íosa, bronntanas ó chroí ár nDé.

Ní bhaineann muid uilig taitneamh as na féilte móra ar an dóigh chéanna. Más rud é nach mbaineann tú sult as na laethanta seo thig leat aithris a dhéanamh ar na hAoirí. Daoine umhail, isil a bhí iontu ach bhí siad oscailte do Dia agus é i láthair agus ar a shuaimhneas sa domhan briste neamhfhoirfe seo a bhfuilimid beo ann. Ar an taobh eile, más rud é go gcuireann an Nollaig agus na bronntanais agus an bheith le chéile gliondar croí ort, thig leat bheith ar nós Mhuire. Ar a dóigh ciúin fein, mar a deir na scríoptúir; ‘thaiscigh sí go dílis na nithe seo uilig ina croí’.



Cibé acu, go mbíonn tú gafa suas leis an rí-ra agus ruaille buaille na laetheanta seo nó a mhalairt tugtar deis dúinne uilig mar Chríostaithe fanacht ciúin go leor le machnamh ceart a dhéanamh ar ghrá as cuimse Dé a thuirling ó na Flaithis agus isteach i mainséar umhal tuí. Níor thainig Íosa ar son daoine maithe a mbíonn saol sona sásta acu. Thainig sé isteach i ndomhan atá scríosta ag tinneas agus ag cogadh de thairbhe go bhfuil grá aige don aonarán, don duine gan meas, don pheacach.

Is é mo dhóchas fein, an Nollaig seo, ar son gach duine dinn, go ndéanfaidh muid ceiliúradh domhan ar ‘throcaire chroí ár nDé a thiocfaidh chugainn ó neamh.’